Ar an 28 Samhain 2005, d'fhéach Ryanair le cead a fháil ón Ard-Chúirt athbheithniú breithiúnach a dhéanamh ar an gCinneadh sin. Chinn Ryanair áfach ar an 30 Eanáir 2006 gan dul ar aghaidh leis na himeachtaí sin agus d'aontaigh sé na costais a thabhaigh an Coimisiún mar fhreagra ar an dúshlán a íoc.

Ach an oiread le blianta roimhe seo, ní bheifí in ann dul i mbun obair an Choimisiúin i 2005 murach tiomantas agus dúthracht leanúnach an líon beag foirne sa Choimisiún. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo ar fad mar aitheantas ar an gcúnamh mór a thugann siad d'obair na hOifige agus ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thionscal na heitlíochta tríd is tríd. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na daoine agus leis na heagraíochtaí ar fad a chuidigh leis an obair agus le próisis chinnteoireachta an Choimisiúin le linn na bliana.

I mí na Nollag 2005, d'fhógair an tUasal William Prasifka nach raibh sé ar intinn aige téarma eile a chur isteach mar Choimisinéir um Rialáil Eitlíochta. Is mian liom buíochas a ghabháil leis as ucht a chuid ceannaireachta agus a dhíograis rialachán táillí aerfoirt neamhspleách a thabhairt isteach in Éirinn agus as cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach.

Ar deireadh, ba mhór agam mo mhórbhuíochas a ghlacadh leis an Aire Martin Cullen, TD, agus le hoifigigh na Roinne Iompair as ucht a dtacaíochta le linn 2005.

Cathal Guiomard
Coimisinéir Gníomhach
31 Márta 2006.

TÁILLÍ AERFOIRT

Ról an Choimisiúin

Is é príomhfheidhm an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta táillí aerfoirt a rialú. Sin iad na táillí arna dtoibhiú ag Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (DAA) ar phaisinéirí, aerárthaigh agus lastas a bhaineann úsáid as an aerfort. Is é an cur chuige a bhí ag an gCoimisiún riamh agus go deimhin a bheidh ag an gCoimisiún, ná caidhp-phraghas foriomlán a leagan síos ar tháillí aerfoirt a léireofar ar bhonn paisinéara.

Cinneadh Nua d'Aerfort Bhaile Átha Cliath faoin Acht um Aerfoirt Stáit, 2004

I ndiaidh an Achta um Aerfoirt Stáit, 2004 a cheadú éilíodh ar an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná 1 Deireadh Fómhair 2005 Cinneadh nua a dhéanamh ar na huasleibhéil táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath amháin.

Gníomhaíocht i 2005

D'fhostaigh an Coimisiún roinnt comhchomhairleoirí chun meastóireacht a dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna a bhain le táillí aerfoirt a leagan síos. Ar an 31 Bealtaine 2005 d'fhoilsigh an Coimisiún Dréacht Chinneadh agus Meamram Mínitheach (CP2/2005), agus is fógra a bhí ann go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh faoi tháillí aerfoirt agus ina raibh foráil le haghaidh tréimhse chomhairliúcháin 30 lá. Leag CP2 moltaí an Choimisiúin ar chaidhp-phraghas oiriúnach trí chúpla caidhp-phraghas tásach a fhoilsiú agus a gcuid paraiméadar gaolmhar. Rinneadh innéacsú ar thuarascálacha na gcomhchomhairleoirí cuí chuig an dréacht chinneadh.

Fuair an Coimisiún uirill reachtúla ó naoi gcinn de pháirtithe leasmhara laistigh den tréimhse ama 30 lá a ceadaíodh, agus foilsíodh iad sin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

I ndiaidh dian-anailíse a dhéanamh ar na haighneachtaí sin agus breithniú sonracha a thabhairt do na hábhair iomchuí, d'fhoilsigh an Coimisiún a Chinneadh ar Uasleibhéil Táillí Aerfoirt (CP3/2005) ar an 29 Meán Fómhair 2005. Bhí an tuarascáil reachtúil ar an gCinneadh le fáil sa pháipéar seo, agus na cúiseanna a bhí leis, chomh maith le tuairimí breithnithe an Choimisiúin maidir leis na huirill reachtúla a fuarthas. Bhí 15 innéacs freisin i CP3/2005 a leag amach tuarascálacha na gcomhchomhairleoirí maidir leis na saincheisteanna éagsúla a ndearna siad anailís orthu.

Léiriúcháin Seachtracha

Rinne foireann an Choimisiúin léiriúcháin ag na cruinnithe seo a leanas le linn 2005: léiriúchán i mí Feabhra ar rialachán praghsanna aerfoirt ag Comhdháil Eitlíochta Hamburg; I mí Márta ar iarratas de chostphraghsáil imeallach ar aerfoirt don Ghrúpa Eacnamaíochta Rialála agus Iomaíochta; i Meitheamh ar rialachán aerfoirt do chomhdháil IBEC; i Meán Fómhair ar rialachán eitlíochta chuig Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte; i nDeireadh Fómhair rialachán praghsanna úsáide do chruinniú Infratrain i mBeirlín; agus i mí na Samhna ar iomaíochas agus fóirdheontais do chruinniú Chumann Taighde Eitlíochta na Gearmáine (GARS) i Vienna.

Clár Oibre do 2006

Ó thaobh na bpríomh saincheisteanna a thiocfaidh chun cinn don fhoireann um rialáil eacnamaíochta sa bhliain reatha, déanfaidh an Coimisiún iad seo a leanas:

- tabharfaidh sé freagra ar aon mholtáí a rinneadh in aon atreorú a rinne an Painéal Achomhairc Aireachta ar Chaidhp-Phraghas 2005 d'Aerfort Bhaile Átha Cliath;
- déanfaidh sé cinneadh ar an ngá atá ann tabhairt faoi athbhreithniú ar chaidhp-phraghas 2005 ag eascairt as Dublin Airport Capex Programme a thabhairt chun críche agus, más gá, rachaidh sé i mbun an athbhreithnithe sin;
- measfaidh sé mar atá Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath ag cloí leis an gcaidhp-phraghas sin;
- déanfaidh sé taighde ar ghnéithe de rialachán eitlíochta féachaint leis an gcreatlach rialála atá i bhfeidhm ag an gCoimisiún a fheabhsú.

TÁILLÍ SEIRBHÍSÍ CRÍOCHFOIRT EITLÍOCHTA

Ról an Choimisiúin

Chomh maith le táillí aerfoirt a rialú, is é an príomhfheidhm eile atá ag an gCoimisiún ná táillí seirbhísí críochfoirt eitlíochta a rialú. Is iad sin na táillí arna dtoibhiú ag Údarás Eitlíochta na hÉireann ar dhaoine a úsáideann a chuid seirbhísí aerthráchta ag Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionainne. Mar a tharlaíonn i gcás táillí aerfoirt forchuireann an Coimisiún rialachán eacnamaíochta trí chaidhp-phraghas foriomlán arna léiriú ar bhunús in aghaidh an tonna.

Ag Cloí leis an gCaidhp-Phraghas

D'fhonn a dheimhniú go bhfuil an caidhp-phraghas ATSC a leag an Coimisiún síos comhlíonta i gcás 2004/05, d'iarr an Coimisiún eolas ar uasthonnáistí a éiríonn den talamh agus ar an ATSC arna thoibhiú ag Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, agus na Sionainne. Sholáthair an IAA an t-eolas a iarradh agus bhí an Coimisiún sásta a dheimhniú go bhfuil an caidhp-phraghas comhlíonta.

Clár Oibre do 2006

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Choimisiúin don bhliain reatha:

- tús a chur leis an obair chun an dara Cinneadh a dhéanamh ar an uasleibhéal ATSC do 2007 go dtí 2012. Oibreoidh an Coimisiún freisin leis an tionscal trí dhréacht chinneadh a eisiúint agus deis a thabhairt comhairliúchán reachtúil a dhéanamh. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar aon aighneachtaí a gheofar ón tionscal agus déanfaidh sé a Chinneadh deiridh tráth nach déanaí ná Feabhra 2007, agus
- leanfaidh sé ag meas mar atá Údarás Eitlíochta na hÉireann ag cloí le Cinntí Caidhp-Phraghsanna.

AN EARNÁIL UM LÁIMHSEÁIL AR AN TALAMH A RIALÚ

Ról an Choimisiúin

Is é an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta an t-Údarás inniúil in Éirinn chun críche Threoir Chomhairle 96/67/EC maidir le rochtain chuig an margadh um láimhseáil ar an talamh ag aerfoirt an Chomhphobail. Is é aidhm na Treorach oscailt suas rochtana chuig an margadh um láimhseáil ar an talamh a éascú trí dheis a thabhairt iomaíocht éifeachtach a bheith ar bun sa mhargadh sin.

Baineann láimhseáil ar an talamh a bheag nó a mhór leis na seirbhísí sin ar fad a theastaíonn ó aerárthach idir láimhseáil agus éirí den talamh (m.sh. aerárthach marascalachta, lódáil/dílódáil/athbhreoslú, láimhseáil bagáiste, láimhseáil paisinéirí, cothabháil an aerárthaigh srl.). Ní mór cead a fháil roimh ré ón gCoimisiún sula dtugtar faoi oibríochtaí láimhseála ar an talamh. B'fhéidir go roghnódh aerlíne seirbhísí a sholáthar dó féin (féinláimhseáil) nó b'fhéidir go ndéanfaí Conradh le cuideachta eile (láimhseáil tríú páirtí), bíodh sé le haerlíne nó le cuideachta láimhseála tiomanta ar an talamh. Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais a chomhlánú agus roinnt ceanglas a chomhlíonadh sular féidir cead a eisiúint chun feidhmiú mar láimhseálaí ar an talamh.

Ceadanna agus Comhlíonadh

Bhí 23 féin-láimhseálaithe ceadaithe agus 38 soláthróirí seirbhísí láimhseála ar an talamh ceadaithe (láimhseálaithe tríú páirtí) ag feidhmiú idir aerfort Bhaile Átha Cliath, aerfort Chorcaí agus aerfort na Sionainne. Bhronn an Coimisiún 1 cead féin-láimhseála agus 1 cead láimhseáil tríú páirtí le linn 2005.

Le linn 2005, ghéill aer-iompróir amháin a chead féin-láimhseála go deonach i ndiaidh oibríochtaí a chur ar fionraí. Ghéill aer-iompróir eile a chead féin-láimhseála go deonach i ndiaidh bogadh chuig suíomh aerfoirt eile áit nach bhfuil feidhm leis na forálacha a bhaineann leis an Treoir um Láimhseáil ar an Talamh. Lena chois sin, níor theastaigh cead féin-láimhseála ó aer-iompróir eile tar éis cónascadh a rinneadh le haer-iompróir eile a raibh cead féin-láimhseála acu cheana féin. Ina theannta sin i 2005 tháinig cead láimhseála tríú páirtí in áit cead féin-láimhseála a bhí ag aer-iompróir amháin a eisíodh ar chuideachta laistigh den Ghrúpa céanna.

Maidir le ceadanna a bhí i seilbh soláthróirí seirbhísí um láimhseáil ar an talamh, ghéill cuideachta amháin as an Ríocht Aontaithe a cead go deonach i ndiaidh cinneadh a dhéanamh cuideachta um láimhseáil ar an talamh atá cláraithe in Éirinn a bhunú agus ansin rinne sí iarratas ar chead láimhseála tríú páirtí nua in ainm na cuideachta nua.

Eisítear Ceadanna um Láimhseáil ar an Talamh ar feadh tréimhse cúig bliana. Chuaigh na chéad cheadanna a eisíodh i 2000 faoi na Rialacháin um Láimhseáil ar an Talamh in éag le linn 2005. Chuaigh ar an iomlán 18 cead Láimhseáil ar an Talamh (4 féin-láimhseálaithe, 14 láimhseálaithe tríú páirtí) in éag agus iarraidh ar na cuideachtaí lena bhain a dheimhniú cibé an raibh sé ar intinn acu a gcead chun feidhmiú a athnuachan nó nach raibh. Cuireadh amach Foirm Athnuachana chuig na cuideachtaí iomchuí le comhlánú.

Ag an gcéim athnuachana, roghnaigh cuideachta amháin a raibh cead féin-láimhseála aici iarratas a dhéanamh ar chead láimhseála tríú páirtí de bhrí nach raibh aon bhaint níos mó ag an gcuideachta le gníomhaíocht um láimhseáil ar an Talamh. Ina áit sin, eisíodh cead láimhseála tríú páirtí don chuideachta a bhí cláraithe in Éirinn a raibh baint acu i ndáiríre leis an ngníomhaíocht um láimhseáil ar an Talamh. Ina theannta sin, roghnaigh aer-iompróir eile ar eisíodh cead féin-láimhseála orthu i dtús báire agus cead láimhseála tríú páirtí i 2000 athnuachan a dhéanamh ar a gcead láimhseála tríú páirtí amháin (in ainm na cuideachta atá cláraithe in Éirinn a bhfuil baint aici anois le gníomhaíocht um Láimhseáil ar an Talamh) agus chuaigh an cead féin-láimhseála in éag. Ar deireadh, rinne aer-iompróir amháin a raibh cead féin-láimhseála agus cead láimhseála tríú páirtí aige athnuachan ar an gcead féin-láimhseála a bhí i seilbh na cuideachta agus sin amháin.

Ag deireadh 2005, bhí **18** féin-láimhseálaithe ceadaithe agus **40** láimhseálaithe tríú páirtí ceadaithe ar an talamh ag feidhmiú idir aerfort Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne. As na 18 féin-láimhseálaithe ceadaithe, ceadáíodh 4 acu freisin chun seirbhísí a sholáthar do thríú páirtithe.

Táillí Rochtana chuig Feistis Aerfoirt

Faoi Rialachán 14 (3) de Rialacháin um Láimhseáil ar an Talamh, I.R. 505 de 1998, tá Údarás aerfoirt i dteideal táille a ghearradh as rochtain chuig feistis aerfoirt arna mbronnadh ar sheirbhísí um Láimhseáil ar an Talamh ag aerfoirt an Stáit. Sa chás go ndéanann Údarás aerfoirt cinneadh táille mar sin a ghearradh, éilítear ar Údarás an aerfoirt iarratas ar cheadú an túille mholta a chur isteach chuig an gCoimisiún roimh ré, de réir na gcritéar atá leagtha amach san Ionstraim Reachtuil.

Ar an 6 Deireadh Fómhair 2004, d'fhoilsigh an Coimisiún a chinneadh i CP8/2004 ag ceadú iarratais a rinne Aer Rianta a bhí ann roimhe sin (Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath anois - DAA) chun struchtúr táille san uair agus sa bhliain maidir le deasc cláraithe/seiceála isteach a fháil ar cíos ag trí aerfort an Stáit. Lena chois sin, bhronn an cinneadh cead chun táille maidir leis an tsaoráid cláraithe/seiceála isteach CUTE a úsáid ag aerfort na Sionainne trí tháille in aghaidh gach paisinéara a théann ar bord. Bhí foráil sa chinneadh freisin go gceadófaí don DAA táille an deasca chláráithe a mhéad? (maidir le haerfoirt na Sionainne agus Chorcaí) ag teacht le boilsciú amháin an 1 Iúil gach bliain. Bhronn cinneadh an Choimisiúin cead ar an DAA maidir leis na táillí thuasluaite ó dháta an chinnidh.

Nuair a rinneadh an cinneadh sin thug Ryanair a ndúshlán don chinneadh trí Athbhreithniú Breithiúnach. Tá an Coimisiún faoi láthair ag fanacht le dáta le haghaidh éisteacht Cúirte ar an ábhar seo.

Bhí éifeacht leis an gcead a bronnadh ar an DAA i nDeireadh Fómhair 2004 ó dháta an chinnidh de bhrí go n-éilíonn an I.R. go gcaitheann an Coimisiún cead le haghaidh táillí rochtana a shlánú roimh ré. D'fhéach an DAA le cead siarghabhálach a fháil i 2004 ag dul siar go dtí 1 Eanáir 2001 i gcás na dtáillí arna dtoibhiú ón tréimhse sin suas go dtí Deireadh Fómhair 2004. D'fhoilsigh an Coimisiún a chinneadh gan cead siarghabhálacha a bhronnadh i bhFógra Coimisiúin 2/2005 ar an 8 Aibreán 2005.

Ar an 13 Deireadh Fómhair 2005 d'iarr an DAA cead ar an gCoimisiún coigeartú bliantúil a dhéanamh do bhoilsciú maidir le táillí deasc cláraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. I ndiaidh comhairliúcháin leis an tionscal agus i ndiaidh na dtuairimí a fuarthas a bhreithniú, d'fhoilsigh an Coimisiún a chinneadh i bhfoirm Fógra Coimisiúin 8/2005 ar an 24 Samhain 2005. Cheadaigh an cinneadh sin an t-iarratas ón DAA an ráta cheadaithe do dheasca cláraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a choigeartú ar bhonn bliantúil ag teacht le boilsciú.

Clár Oibre do 2006

Déanfaidh an Coimisiún iad seo a leanas:

- leanfaidh sé ag ceadúnú Láimhseálaithe ar an Talamh agus ag déanamh monatóireachta orthu;
- tá 13 cead um laimhseáil ar an talamh le dul in éag le linn 2006. Cuirfear amach Foirm Athnuachana chuig na láimhseálaithe ar an talamh iomchuí le linn na bliana de réir mar a thagann na dátaí éagaithe aníos; agus
- leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtíag leibhéal na hEorpa maidir leis an athbhreithniú ar Threoir Chomhairle (96/67/EC) um Láimhseáil ar an Talamh.

Achoimre ar Ghníomhaíocht Cheadaithe

Ceadaíochtaí um Láimhseáil ar an Talamh	Deireadh 2004	Deireadh 2005
Féin-láimhseálaithe	23	18
Láimhseálaithe tríú páirtí	38	40

CEARTA PAISINÉIRÍ AEIR

Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach ón 31 Bealtaine 2005 as rialacha¹ an Chomhphobail Eorpaigh a fhorfheidhmiú in Éirinn maidir le cúiteamh agus cúnamh a thabhairt do phaisinéirí sa chás go ndiúltaítear dóibh dul ar bord eitleáin nó sa chás go gcuirtear a gcuid eitiltí ar ceal, agus tabharfar cúnamh dóibh i gcásanna ina gcuirtear moill ar eitiltí. Luíonn an oibleagáid i leith paisinéirí ar an aer-iompróir feidhmithe a thugann an eitilt nó a bhfuil sé ar intinn acu an eitilt a dhéanamh. Is i dtaca le gach eitilt a fhágann aerfoirt atá lonnaithe ar chríoch na hÉireann atá saindualgas an Choimisiúin, chomh maith le heitiltí as tríú tíortha (neamh-AE) chuig aerfoirt mar sin ina bhfuil an taer-impróir feidhmithe mar iompróir Pobail.

Gníomhaíocht le linn 2005

Thug an Coimisiún fógra foirmiúil do gach aer-iompróir a bhíonn ag tabhairt seirbhíse d'aerfoirt na hÉireann maidir lena gcuid oibleagáidí faoi na Rialacháin chomh maith le hainmniúchán an Choimisiúin mar an comhlacht forfheidhmiúcháin náisiúnta. Soláthraíodh sonraí teagmhála do gach aer-iompróir a thugann seirbhís do naoi n-aerfoirt na hÉireann (trí aerfort Stáit agus sé cinn réigiúnacha) agus tugadh fógra foirmiúil d'aerfoirt uile na hÉireann maidir le ról reachtúil nua an Choimisiúin agus maidir le haidhm agus le rún na Rialachán. Tugadh oibleagáidí na n-aerlínte faoi bhráid an lucht pearsanra cuí ag na haerfoirt, mar a tharla i gcás aerfoirt réigiúnacha freisin agus is iad foireann an aerfoirt a ghníomhaíonn thar ceann na n-aerlínte ó thaobh cúram custaiméirí. Lena chois sin, ag glacadh leis gur cuireadh seirbhísí cairte agus tagairt don earnáil taistil san áireamh sna Rialacháin, tugadh fógra do gach tionscnóir turas ceadúnaithe agus do ghníomhairí taistil faoi fhoralacha an Rialacháin agus faoi ról an Choimisiúin mar an comhlacht forfheidhmiúcháin náisiúnta.

Tá roinnt gearán agus fiosrúchán faighte ag an gCoimisiún ón bpobal maidir le sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar na rialacháin.

Ag teacht ón gcumarsáid sin osclaíodh thart ar 130 comhad gearáin. Chuir an Coimisiún tús le himscrúduithe faoi bheith ag sárú an Rialacháin sin maidir leis na cásanna seo. Cuireadh ar aghaidh gearáin a bhain le heachtraí i mBallstáit eile chuig an gcomhlacht forfheidhmiúcháin cuí.

Clár Oibre do 2006

Leanfaidh an Coimisiún leo seo a leanas i mbliana:

- gearán a bhaineann le haerfoirt na hÉireann faoina Rialacháin a ghlacadh isteach agus a imscrúdú;
- aon chomhfhreagras a bhaineann le sáruithe líomhnaithe i mBallstáit eile a chur ar aghaidh chuig an gComhlacht Forfheidhmiúcháin cuí; agus
- monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi atáthar ag comhlíonadh na Rialachán.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 261 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 11 Feabhra 2004 a leagann síos rialacha coitianta ar chúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí sa chás go ndiúltaítear dóibh dul ar bord eitleáin nó go gcuirtear a n-eitilt ar ceal nó go gcuirtear moill mhór uirthi, agus Rialachán aisghairme (EEC) Uimh. 295/91

CEADÚNÚ AER-IOMPRÓIRÍ

Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta freagrach as aerlínte na hÉireann a cheadúnú². Tugann Ceadúnas Oibríochta Aer-Iompróra cead don sealbhóir paisinéirí, post/nó lastas a iompar san aer le haghaidh luach saothair agus/nó cíos.

D'fhonn a bheith incháilithe le haghaidh Ceadúnas Oibríochta Aer-Iompróra, ní mór don iarratasóir, i measc rudaí eile, a bhunáit ghnó agus a oifig chláráithe (más ann) a bheith aige/aici in Éirinn. Ina theannta sin ní mór go mbeadh Teastas Oibríochta Aeir bhailí (AOC) acu ó/darás Eitlíochta na hÉireann (IAA).

Gníomhaíocht Cheadúnaithe agus Géilliúntas

Bhí 17 aerlíne Éireannach le ceadúnas cláráithe in Éirinn ar an 1 Eanáir 2005. Le linn 2005 d'eisigh an Coimisiún Ceadúnas Oibríochta Aer-Iompróra ar 1 oibreoir nua. Rinneadh cúlghairm ar Cheadúnas Oibríochta a bhí i seilbh oibreora amháin le linn na bliana freisin i ndiaidh cinneadh a ghlac an Coimisiún oibríochtaí a chur ar fionraí. Mar thoradh air sin, ní raibh an chuideachta, in ann ceanglais Rialachán Comhairle Uimh. 2407/92 a chomhlíoandh agus ní raibh sí in ann aon deimhniúchán a thabhairt don Choimisiún maidir lena cumas oibríochtaí a atosú amach anseo agus an Rialachán a chomhlíonadh ina iomlán.

Ag deireadh 2005 bhí **17** aerlínte Éireannacha le ceadúnas. As na 17 aerlínte Éireannacha le ceadúnas, bhí ceadúnais Catagóir A³ ag **8** gcinn acu. Bhí ceadúnais Catagóir B⁴ ag an **9** gcinn eile a bhí fágtha.

Éilíonn an reachtaíocht sa réimse seo go mbeadh Ceadúnas Oibríochta faoi réir ag athbhreithniú bliain amháin tar éis a bhronnta agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Éilíodh ar cheithre chuideachta a raibh Ceadúnas Oibríochta Aer-Iompróra acu a bheith rannpháirteach san athbhreithniú cúig-bliana ar a gceadúnas le linn na bliana. Coinníodh an Ceadúnas Oibríochta Aer-Iompróra i gcás gach ceann de na athbhreithnithe a rinneadh. Ina theannta sin, bhí athbhreithniú bliana le déanamh ar bheirt sealbhóirí ceadúnais. Mar sin féin, bhí an dáta athbhreithnithe i gcás an bheirt iompróra dlite go déanach i mí na Nollag 2005. Faoi dheireadh 2005, bhíodhas ag iarraidh eolais ó na cuideachtaí sin maidir leis an athbhreithniú ar a gCeadúnas Oibríochta agus tá sé ar intinn an t-eolas a fuarthas a imscrúdú go luath i 2006.

Mar a éilíonn an reachtaíocht, lean an Coimisiún ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais gach aer-iompróir le ceadúnas ar feadh na bliana. Rinneadh monatóireacht freisin ar chlúdach árachais agus ar shonraí úinéireachta agus rialaithe lena chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh na reachtaíochta cuí sa réimse sin.

² De réir Rialacháin an Acha Aerloingseoireachta agus Aeríompair, 1965 (Alt 8), 1993 (I.R. 323 de 1993) a thugann éifeacht do Rialachán Comhairle Uimh 2407/92 maidir le haeríompróirí a cheadúnú.

³ Bíonn sé de chead ag sealbhóirí ceadúnais Catagóir A paisinéirí, lastas agus/nó post a iompar ar aerárthaí ina bhfuil 20 suíochán nó níos mó.

⁴ Cead acu paisinéirí, lastas agus/nó post a iompar ar aerárthaí ina bhfuil níos lú ná 20 suíochán agus/nó níos lú ná 10 dtonna MTOW (uasmhéachan chun éirí ón talamh).

Clár Oibre do 2006

Déanfaidh an Coimisiún iad seo a leanas:

- athbhreithniú ar cheadúnais oibríochta mar is gá;
- a chinntiú go gcuireann gach aer-iompróir le ceadúnas eolas ceart airgeadais agus sonraí árachais isteach ar bhonn bliantúil, arna n-éileamh ag reachtaíocht; agus
- leanúint ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí maidir leis an athbhreithniú a dhéanfaidh an Coimisiún Eorpach ar bheartais an Tríú Pacáiste eitlíochta agus déanfaidh sé monatóireacht freisin ar aon fhorbairtí ag leibhéal an AE sa réimse eitlíochta.

Achoimre ar Ghníomhaíocht Cheadúnaithe

Ceadúnais Oibríochta Aer-Iompróra	Deireadh 2004	Deireadh 2005
Catagóir A	9	8
Catagóir B	8	9
Iomlán	17	17

CEADÚNÚ TRÁDÁLA TAISTIL

Ról an Choimisiúin

Tá freagracht ar an gCoimisiún as ceadúnú gníomhairí taistil agus tionscnóirí turas a riaradh de réir Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe agus Géilliúntas

Ba ionann líon iomlán na gcomhlachtaí a raibh ceadúnas acu le taisteal a dhíol amach as Éirinn ar an 31 Nollaig 2005 agus 399. Leis sin tá **77** tionscnóirí turais agus **322** gníomhairí taistil.

Íostarraingíodh bannaí i seacht gcinn de chásanna áit nach raibh comhlachtaí in ann a gcuid dualgas airgeadais a chomhlíonadh dá gcuid custaiméirí mar a éilítear faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turais agus Gníomhairí Taistil), 1982.

Cuireadh isteach éilimh in aghaidh bannaí na gcomhlachtaí sin agus tugadh aisíocaíocht do chustaiméirí. I gcásanna inar stop na comhlachtaí ag trádáil sa chuid deiridh den bhliain leanfar ag próiseáil na n-éileamh sin i 2006.

Tá imscrúdú déanta ag an gCoimisiún ar gach gearán a fuair sé faoi thrádáil mhídhleathach agus tá iarracht déanta aige géilliúntas a fhorfheidhmiú.

I ndiaidh don Choimisiún imscrúdú a dhéanamh phléadáil duine ciontach ag Cúirt Dúiche Luimnigh as cúisimh a bhain le gníomhaíocht mhídhleathach ag tionscnoir turais. Tá breis cásanna de thrádáil mhídhleathach á n-imscrúdú i láthair na huaire.

Clár Oibre do 2006

Déanfaidh an Coimisiún iad seo a leanas:

- déanfaidh sé próiseáil ar iarratais ar cheadúnais de réir éileamh;
- cuirfidh sé méadú táillí ceadúnais i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn an tseirbhís féinmhaoinithe i gcónaí;
- cuirfidh sé saoráidí TF níos fearr i bhfeidhm chun an bhainistíocht a dhéanann an Coimisiún ar a sruthoibre cheadúnaithe a fheabhsú; agus
- tabharfaidh sé isteach foirm iarratais ar cheadúnas a bheidh níos éasca a úsáid.

Is mar seo a leanas atá líon iomlán na gceadúnas a bhronn an Coimisiún i 2005:

Achoimre ar Ghníomhaíocht Cheadúnaithe

Ceadúnais Oibríochta	Deireadh 2004	Deireadh 2005
Ceadúnais Gníomhairí Taistil	333	322
Ceadúnais Tionscnóirí Turais	76	77
Iomlán	409	399

CIONROINNT SEALANNA

Ról an Choimisiúin

De réir rialacha an Choimisiúin Eorpaigh⁵ tá dualgas ar an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta stádas comhordaithe aerfoirt na hÉireann a chinneadh agus éascaitheoir sceideal nó comhordaitheoir a cheapadh in aerfoirt ainmnithe mar is cuí agus mar is gá. Tá cosc ar an gCoimisiún go sonrach an fheidhm chomhordaithe sin a chomhlíonadh é féin.

Aerfoirt ainmnithe in Éirinn

Ainmníodh Aerfort Bhaile Átha Cliath mar aerfort Éascaithe Sceideal i 2000, agus is é an t-aon aerfort éascaithe sceideal in Éirinn é faoi láthair. Le 18.5 milliún paisinéirí ag dul tríd an aerfort go bliantúil, is é an t-aerfort freisin an t-aerfort neamhchomhordaithe is mó san Eoraip. Cheap an tAire éascaitheoir sceideal i 2000, Airport Coordination Limited (ACL), agus i 2002 rinne an Coimisiún athcheapadh ar ACL le haghaidh tréimhse trí-bliana eile a chríochnaigh i Márta 2005.

I ndiaidh comhairliúchán agus comhaontú a dhéanamh le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus le páirtithe leasmhara eile i 2005, shínigh an Coimisiún conradh ACL ar feadh tréimhse bliana eile, tréimhse a dtiocfaidh deireadh léi i Márta 2006.

Ba mhaith leis an gCoimisiún an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le foireann ACL as an ardchaighdeán feidhmíochta atá léirithe acu go leanúnach.

Forbairtí i 2005

Ar iarratas ó Aer Rianta a bhí ann ag an am (anois Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath) chun athbhreithniú a dhéanamh ar stádas comhordaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath, rinne an Coimisiún, in Aibreán 2004, measúnú ar inniúlacht Aerfort Bhaile Átha Cliath le cúnadh ó chomhchomhairleoirí seachtracha. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i nDeireadh Fómhair 2004 nach raibh aon fhadhbanna inniúlachta tromchúiseacha sainaitheanta ag an anailís ó thaobh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus nach raibh aon bhunús ann ag an am sin an t-aerfort a ainmniú mar cheann comhordaithe, ach go ndéanfaí monatóireacht ar an gcás agus go n-ainmneofaí an t-aerfort mar cheann comhordaithe dá mbeadh gá sin a dhéanamh. Is é an bunús a leagadh síos ionas go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh ná (i) leibhéal méadaithe gluaiseachtaí i mBaile Átha Cliath mar thoradh ar an mbeartas stad a dhéanamh ag aerfort na Sionainne a mhaolú agus (ii) líon na n-aerlínte a dhiúltaigh comhoibriú le moltaí an Éascaitheora Sceideal.

Ó Dheireadh Fómhair 2004 go dtí Aibreán 2005 fuair an Coimisiún eolas sonraithe ó ACL. Agus aird ar an eolas a fuarthas ghlac an Coimisiún leis an tuairim gur dhóigh go gcuirfeadh an líon aerlínte a bhí ag diúltú (a bhí níos mó ná dúbailte ar an mbliain roimhe sin) isteach ar éifeachtacht socruithe a bhí cheana féin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

⁵ Rialachán Comhairle (EEC) 95/93 an 18 Eanáir 1993 maidir le Rialacha Coitianta chun sealanna a chionroinnt ar aerfoirt an Chomhphobail arna leasú ag Rialachán 793/2004 ar rialacha coitianta chun sealanna a chionroinnt ag Aerfoirt an Chomhphobail.

Dá réir sin, chinn an Coimisiún ar an 26 Aibreán 2005 Aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe le héifeacht ó shéasúr sceidil an tSamhraidh 2006 agus as sin amach.

Tá an cinneadh sin faoi réir ag imeachtaí Athbheithnithe Breithiúnaigh faoi láthair arna thionscnú ag Ryanair.

Socruithe comhordaithe amach anseo

Ag teacht ón gcinneadh go ndéanfaí comhordú ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, chuir an Coimisiún fáilte roimh thairiscintí ar an 8 Nollaig 2005 trí Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach (OJEC), chun seirbhísí comhordaithe a sholáthar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don tréimhse cúig-bliana ó thús séasúr sceidil an tSamhraidh 2006. Tá an Coimisiún ag súil Comhordaitheoir a cheapadh sa chéad ráithe de 2006.

Clár oibre do 2006

Beidh siad seo a leanas i measc phríomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin i mbliana:

- tabharfaidh sé socruithe tráchtála chun críche a bheidh leagtha amach lena chinnítú go soláthrófar seirbhísí comhordaithe sceidil ag aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis foirceannadh a dhéanamh ar an gconradh reatha;
- déanfaidh sé monatóireacht agus cinnteoidh sé go ndéanfar seachadadh éifeachtach ar sheirbhísí comhordaithe;
- leanfaidh sé ag déanamh monatóireachta, chomh fada agus is féidir le forbairtí reachtacha, rialála ag leibhéal an AE; agus
- tabharfaidh sé cosaint in aghaidh an dúshláin dlí maidir lena chinneadh Aerfort Bhaile Átha Cliath a chomhordú.

OIBLEAGÁIDÍ DLÍ AGUS RIARACHÁIN TRÍD IS TRÍD

Oibleagáidí dlí

Treoracha faoi Alt 10 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001

Tá foráil in Alt 10 den Acht go bhféadfaidh an tAire treoracha polasaí ginearálta a thabhairt don Choimisiún mar a bhreithnítear cuí agus go gcomhlíonfaidh an Coimisiún treoracha den sórt sin.

Ar an 18 Lúnasa 2005, chinn an tAire go raibh sé iomchuí treoir a eisiúint ar an gCoimisiún "d'fhonn a chinntiú agus tú ag teacht ar chonclúidí ar an gcaidhp-phraghas atá molta a chur i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go nglacfa san áireamh aidhm agus rún an pholasaí Rialtais iomchuí." Foilsíodh téacs iomlán na Treorach sin ar CP5/2005 agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasain an Choimisiúin.

Agus é ag déanamh Cinneadh Mheán Fómhair 2005 ar na huasleibhéil táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chloígh an Coimisiún leis an treoir sin.

Pearsanra

Tá an Coimisiún fós sásta go bhfuil meascán d'fhoireann chonartha a fuair earcú díreach ag obair aige agus foireann atá ar iasacht ón Roinn Iompair. Bhí 10 a bhí fostaithe go díreach ag an gCoimisiún agus 8 ar iasacht ón Roinn Iompair ar fhoireann an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2005.

Mar a tugadh le fios blianta roimhe seo, níl an Coimisiún sách láidir fós chun tabhairt faoin raon iomlán freagrachtaí atá sannta air. Gearradh breis freagrachtaí sa réimse a bhaineann le cosaint tomhaltóirí i 2005 nuair a ainmníodh an Oifig mar an comhlacht forfheidhmiúcháin náisiúnta faoi Rialachán AE 261/2004 ar chearta aerphaisinéirí. D'fhéadfaí an t-ualach oibre sin a mhéadú trí fhreagrachtaí breise má ainmnítear an Coimisiún mar chomhlacht forfheidhmiúcháin cosanta tomhaltóirí de bhun Rialacháin Eorpacha⁶ atá á n-aistriú isteach i ndlí na hÉireann faoi láthair.

Cuireadh in iúl don Choimisiún i 2004, i ndiaidh de athnuachan a dhéanamh ar a iarratas chuig an Roinn Iompair d'fhonn sainordú a fháil chun breis foirne a earcú le cur ar a chumas a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, go ndéanfaí athbhreithniú ar chás an Choimisiúin i bhfianaise athbhreithnithe ar líon foirne chomhlachtaí neamhthráchtála as a raibh an Roinn freagrach. Bhíothas dóchasach go mbeadh scóip ann mar thoradh air sin aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna foirne an Choimisiúin.

Níor tháinig aon chumarsáid bhreise ón Roinn.

Agus aird ar inachtú Acht um Aerfoirt Stáit, 2004, a mhéadaigh freagrachtaí an Choimisiúin maidir le táillí aerfoirt a chinneadh, agus freagrachtaí forfheidhmiúcháin bhreise a shannadh, chinn an Coimisiún go raibh oibleagáid air íoschéimeanna áirithe a ghlacadh a theastódh chun deis a thabhairt de a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

⁶ Rialachán (EC) Uimh 2006/2004 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhoibriú idir údarás náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

Bhí an íosfoireann shealadach bhreise fós ag an gCoimisiún le linn 2005 agus measadh go raibh sé sin go hiomlán riachtanach ionas go mbeadh an Coimisiún in ann a chuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus saineolas teicniúil níos airde a sholáthar. Ag tús 2005 bhí triúr sealadach breise fostaithe ag an gCoimisiún, ach laghdaíodh é sin go dtí duine amháin faoi dheireadh 2005. Lena chois sin, tá an Coimisiún fós ar thóir foireann thacaíochta riaracháin/chléireachais sóisearach sealadach ó ghníomhaireachtaí fostaíochta seachtracha chun dualgais fháiltithe a chomhlíonadh agus chun aghaidh a thabhairt a bhuaicthréimhse oibre sa réimse ceadúnaithe trádála taistil.

Tá socruithe déanta idir an Roinn Iompair agus an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, le cúnamh ó Price Waterhouse Coopers, chun Coimisinéir nua a roghnú agus a cheapadh. Tá glactha ag an Uasal Cathal Guiomard, an Leas-Choimisinéir, le húdarás agus le feidhmeanna an Choimisinéara ag feitheamh ar Choimisinéir a cheapadh.

Aoisliúntas

Tá an Coimisiún fós ag feitheamh ar cheadú Aireachta fhoirmiúil chun scéimeanna aoisliúntais reachtúla a cuireadh isteach i mí Iúil 2002 a dhréachtú cé go n-aithníonn sé gur tharla forbairtí le déanaí anuas a raibh sé mar aidhm acu deireadh a chur leis an gceist.

Ag feitheamh ar cheadú Aireachta do na scéimeanna aoisliúntais shubstainteacha feidhmíonn an Coimisiún scéimeanna eatramhacha a fuair ceadú ó na Coimisinéirí loncaim agus ina bhfuil foráil le haghaidh buntáistí is féidir a chur i gcomparáid go díreach leis na scéimeanna substainteacha mar a chuirtear isteach iad.

Bhí gach scéim maoinithe go hiomlán amhail an 31 Nollaig 2005.

Comhchomhairleoirí a Fhostú

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, comhchomhairleoirí agus comhairleoirí den sórt sin a fhostú mar a bhreithnítear riachtanach chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.

Le linn 2005 choinnigh an Coimisiún comhchomhairleoirí/comhairleoirí eacnamaíochta chun cuidiú leis cinneadh nua a chur le chéile ar tháillí aerfoirt arna n-éileamh faoin Acht um Aerfoirt Stáit, 2004, agus ar an anailís ar riachtanais foirne an Choimisiúin.

Tá polasaí ag an gCoimisiún na feidhmeanna riaracháin sin nach bhfuil ábharthach dá chuid feidhmeanna lárnacha a chur amach ar chonradh. Mar sin i 2005, bhain an Coimisiún leas as tacaíocht seachtrach chun cuidiú le caidrimh meán, cothabháil/tacaíocht do chórais TF agus párolla. Mar a tharla blianta roimhe seo, lean an Coimisiún lena pholasaí féachaint lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach oscailte agus le rochtain éasca. Tá gach doiciméad foilsithe le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, le cruachóipeanna ar fáil saor in aisce ach iad a iarraidh.

Oibleagáidí Riaracháin

Cód Cleachtais um Rialú Fhoras Stáit a Chur i bhFeidhm

D'eisigh an Roinn Airgeadais treoirlínte athbhreithnithe i 2001 chun Forais Stáit a Rialú. Glacadh leis, áfach, sa doiciméad sin go mb'fhéidir nach raibh roinnt gnéithe de na treoirlínte sin oiriúnach nó bainteach go hiomlán le Forais Stáit rialála mar an Coimisiún. Féachann an Coimisiún i gcónaí oibriú go dtí na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach agus cuireann sé gach gné de na Treoirlínte a bhaineann le scála agus le nádúr oibríochtaí an Choimisiúin i bhfeidhm.

Ag é ag comhlíonadh ceanglais na dTreoirlínte sin, déanann an Coimisiún an tuairisc seo a leanas: -

Cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe

Níl aon Stiúrthóirí ag an gCoimisiún. Tá lámhleabhar fostaithe curtha le chéile ag an gCoimisiún ina bhfuil gnéithe maidir le hiompar eiticiúil agus is coinníoll conartha fostaíochta iad na polasaithe sin a fheidhmiú. I measc téarmaí an chóid iompair tríd is tríd bíonn siad sin atá sonraithe sna treoirlínte agus atá ceadaithe mar chuid de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta.

Rialaíonn ceanglais Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse foireann iasachta. Chuir an Coimisiún tús i 2005 le himscrúdú ar a chuid treoirlínte féin ar iompar eiticiúil d'fhonn deachleachtas a léiriú agus na gnéithe infheidhme de chód na Státseirbhíse a chónascadh.

Soláthar Poiblí

Comhlíonann na nósanna imeachta soláthair laistigh den Choimisiún iad sin arna sonrú sna treoirlínte náisiúnta reatha agus, más infheidhme, Treoracha Soláthair an AE. Ag glacadh le nádúr agus scála a chuid ceanglas comhchomhairleoireachta agus comhairleoireachta, is le haghaidh méideanna a bhíonn dlite le bronnadh faoi threoirlínte náisiúnta a bhíonn conarthaí den sórt sin tríd is tríd.

Thionscnaigh an Coimisiún próiseas soláthair OJEU i mí na Nollag 2005 maidir le seirbhísí comhordaithe sceidil a sholáthar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sna cúig bliana dar tús 28 Márta 2006, agus le haghaidh tacaíocht chomhchomhairleoireachta eacnamaíochta ghinearálta i Feabhra 2006.

Diúscairt Sócmhainní chuig Tríú páirtithe

Níl aon sócmhainní ag an gCoimisiún ar an scála arna samhlú faoi na Treoirlínte. Is troscán oifige agus trealamh TF is mó atá i gceist le sócmhainní an Choimisiúin. Le linn 2005 bhí líon beag breise stáisiún oibre TF ann ná mar a theastaigh mar gheall ar iad a bheith as feidhm. Cuireadh ar fáil iad sin don fhoireann le fáil réidh leo ag teacht le polasaí ach ní raibh aon duine á n-iarraidh. Fuarthas réidh leo go seachtrach ansin agus ní raibh aon chostas ná ioncam i gceist don Choimisiún. Tá aird ag an gCoimisiún ar mholtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir le diúscairt sócmhainní.

Fochuideachtaí agus Éadálacha a Bhunú

Níor bunaíodh aon fochuideachtaí ná aon éadálacha le linn 2005.

Éagsúlacht

Ní dhearna an Coimisiún aon mholtaí éagsúlachta don Aire le linn 2005.

Breithmheas ar Infheistíocht

Ní raibh aon mholtaí caiteachais caipitil thráchtála ag an gCoimisiún i 2005 cé is moite de líon beag trealamh oifige agus TF a fháil/cinn nua a chur in áit seanchinn. Ní dhearnadh breithmheas ar infheistíocht ar an mbealach arna shamhlú ag na Treoirínte.

Luach saothair agus Táillí Stiúrthóirí

Luach saothair an Choimisinéara

Cinneann an Comhlacht Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Eanáil Phoiblí luach saothair an Choimisinéara agus níl aon ról ag an gCoimisinéir i dtaca leis an leibhéal sin a leagan síos. Fuair an Coimisinéir na méaduithe a cheadaigh an Rialtas ag teacht as moltaí Thuarascáil Uimh. 40 a ghlacadh. Níl aon táillí náluach saothair bhreise iníoctha leis an gCoimisinéir.

Luach saothair na foirne

Leagtar síos leibhéal tuarastail foireann an Choimisiúin go lárnach agus ní dhéantar athruithe cé is moite d'incrimintí bliantúla agus athbhreithnithe pá más infheidhme, ach amháin le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Airgeadais. Níl aon táillí ná luach saothair bhreise iníoctha le foireann an Choimisiúin.

De bhrí nach bhfuil aon Bhord ag an gCoimisiún, níl aon Stiúrthóirí ann. Mar thoradh air sin, ní bhíonn aon táillí Stiúrthóirí le híoc.

Socruithe tuairiscithe airgeadais

Tugann an Coimisiún tuairiscí mar sin don Aire Iompair agus don Roinn mar is gá. Tá córas cuntasáochta inmheánach atá forbartha go hiomlán ag an gCoimisiún, a chuireann tuairiscí bainistíochta míosúla shonraithe agus airgeadais ar fáil don bhainistíocht sinsearach. Feidhmíonn an Coimisiún córas cuntasáochta fabhráithe. Ina theannta sin bíonn an Coimisiún faoi réir ag iniúchadh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Pleanáil Straitéiseach agus Chorporáideach

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, arna leasú ag an Acht um Aerfoirt Stáit, 2004. Leagann an Coimisiún amach plean oibre i gcás gach réimse feidhmíochta ar bhonn bliantúil agus tá sé sin leagtha amach chun cuspóirí agus oibleagáidí reachtúla faoi seach gach réimse a chomhlíonadh. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún tuairisc bhliantúil don Aire faoin mbealach inar chomhlíonadh na feidhmeanna sin an bhliain roimhe sin agus tugann sé cuntas ar a mholtaímeántéarmacha straitéiseacha chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

AIRGEADAS

Tuarascálacha agus Cuntais

Cuireann an Coimisiún cuntais bhainistíochta míosúla shonraithe agus tuarascálacha athraitheacha buiséid mhíosúil le chéile a chuirtear isteach chuig gach Ceannaire Feidhme. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais an Choimisiúin.

Torthaí airgeadais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2004

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na ráitis airgeadais le linn 2005 agus cuireadh isteach chuig an Aire iad le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, arna n-éileamh ag Alt 26(b) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001. Leagadh síos iad sin ar an 27 Iúil 2005.

Coiste Iniúchta

Bhunaigh an Coimisiún, ag comhlíonadh ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialú Fhoras Stáit, Coiste Iniúchta, le linn 2005. Thángthas go seachtrach ar chomhaltaí an Choiste, de bhrí nach bhfuil aon foráil i struchtúr eagrúcháin an Choimisiúin do Bhord sa ghnáthchiall a bhíonn leis sin. Tionóladh an chéad chruinniú ar an 27 Deireadh Fómhair 2005 agus buailfidh an Coiste le chéile ar bhonn ráithe i 2006.

Iniúchadh inmheánach

Mar a tugadh le fios inár Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach, d'fhonn freagracht an Choimisiúin a chomhlíonadh ar bhealach a chinntíonn géilliúntas, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an gCoimisinéir le nósanna imeachta feidhmithe agus tuairiscithe soiléire, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, scaipeadh dualgas agus údarás tarmligthe.

Tá creatlach rialaithe láidir i bhfeidhm ag an gCoimisiún a chlúdaíonn gach réimse rialaithe.

De bhrí nach raibh Coiste Iniúchta i bhfeidhm ag an gCoimisiún go dtí gar do dheireadh na bliana, cinneadh feidhmiú chlár iniúchta inmheánaigh 2005 a bhí pleanáilte a chur siar go dtí go mbeadh an Coiste ceaptha agus in ann athbhreithniú a dhéanamh, le cúnaimh ó na hiniúcháirí inmheánacha, ar ábhar an chláir oibre a bhí molta. Tá an t-athbhreithniú sin déanta anois agus tá iarrtha ag an gCoimisiún ar chomhlacht Deloitte iniúchadh inmheánach 2005 a dhéanamh agus a chomhlánú.

Géilliúntas Cánach

Tá an Coimisiún dlite i dtaca le hÁSPC, CBL agus PSWT. Tá gach aschur cánach iomchuí curtha isteach ag an gCoimisiún do 2005 agus tá sé ag comhlíonadh a chuid dualgas cánach.

Tobhach

Tá foráil in Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, chun críche costais a thabhaíonn an Coimisiún i gceart le linn de a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht a íoc, go bhféadfadh an Coimisiún rialacháin a dhéanamh ina ngearrfaí tobhach chun costais agus speansais fheidhmithe measta a chomhlíonadh ach gan iad a shárú. Tá an tobhach sin iníoctha de réir aicmí gealltanais den sórt sin arna sonrú ag an gCoimisiún. Tugtar aon bharrachas/(eascnamh) in aon bhliain amháin ar aghaidh agus cuirtear in aghaidh Tobhach na bliana ina dhiaidh sin é.

Rinneadh rialacháin dar teideal "Rialacháin 2005, Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, (Tobhadh Uimh. 6) (I.R. Uimh. 829 de 2005) ar an 19 Nollaig 2005 le héifeacht a thabhairt do Thobhach measta an Choimisiúin do 2006 ar ionann é agus €2.6 milliún.

Dréacht Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005

Tá dréacht ráitis airgeadais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005, agus atá faoi réir ag iniúchadh ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, leagtha amach sna leathanaigh ina dhiaidh seo.

Mar is léir ó na cuntais atá faoi iamh, a léiríonn barrachas airgeadais charnaigh ó bhlianta roimhe seo, bhí an Coimisiún in ann Tobhach 2005 a laghdú go dtí €0.868 milliún, ó €3.01 milliún i 2004, agus easnamh feidhmithe de €2.3 milliún do 2005 mar sin a mhaoiniú ón iarmheid €2.3 milliún a bhí ann ag deireadh 2004.

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Cuntas Ioncam & Caiteachais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005

	Nótaí	2005 Iomlán €	2004 Iomlán €
Admhálacha Tobhaigh	2	868,333	3,097,500
Táillí Ceadúnais	2	482,688	420,365
Eile		<u>22,697</u>	<u>32,526</u>
Oll-ioncam		1,373,718	3,550,391
Aistriú go/ó Cuntas Caipitil	9	<u>12,367</u>	<u>(16,519)</u>
Glan-ioncam		1,386,085	3,533,872
Caiteachas	3		
Tuarastail	4	1,130,372	1,325,697
Comhchomhairleoireacht		949,427	465,973
Táillí Dí		626,772	164,472
Fógraíocht & Caidrimh Phoiblí		85,092	77,352
Taisteal & Cothabháil		5,027	9,863
Oiliúint		16,660	28,611
Táille Iniúchta		23,771	18,480
Cothabháil Ghréasáin		26,503	50,455
Cíos		280,271	277,655
Leictreachas		6,776	6,387
Cothabháil Oifige		8,342	6,679
Árachas		88,152	114,897
Páipéareachas Oifige		17,017	16,422
Post & Iompar		3,861	4,462
Teileafón		14,759	19,561
Comhordú Seala Aerfort Bhaile Átha Cliath		227,402	190,336
Dímheas		22,431	18,526
Muirear Seirbhíse		37,467	34,504
Rátaí		29,092	27,712
Eile		<u>83,758</u>	<u>58,790</u>
		<u>3,682,954</u>	<u>2,916,834</u>
Barrachas / (Easnamh) Oibríochta		<u>(2,296,869)</u>	<u>617,038</u>
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2005		2,292,107	1,675,069
Barrachas Oibríochta don bhliain		<u>(2,296,869)</u>	<u>617,038</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2005		<u>(4,762)</u>	<u>2,292,107</u>

Is cuid thábhachtach de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta, Ráitheas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir Gníomhach

Dáta

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Clár Comhordaithe amhail an 31 Nollaig 2005

	Nótaí	2005		2004	
		€	€	€	€
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	5		64,778		77,145
Sócmhainní Reatha					
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	7		15,770,572		17,017,786
Cuntais Bhainc	6		<u>911,525</u>		<u>500,355</u>
			16,682,097		17,518,141
Creidiúnaithe:					
Méideanna dlíte laistigh de bhliain amháin					
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	8		(1,532,336)		(1,116,024)
Cuntais Bhannaí Airgid	6		(15,154,523)		(14,110,010)
Glansócmhainní Reatha			(4,762)		2,292,107
Glansócmhainní			60,016		2,369,252
Arna airgeadú ag					
Barrachas/(Easnamh)					
an Chuntais Ioncaim & Caiteachais			(4,762)		2,292,107
Cuntas Caipitil	9		64,778		77,145
Caipiteal arna Fhostú			60,016		2,369,252

Is cuid thábhachtach de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir Gníomhach

Dáta

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Ráiteas Sreabhadh Airgid don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005

	2005	2004
Nótaí	€	€
Réiteach barrachais oibríochta chuig glan insreabhadh/(eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta		
Barrachas/(easnamh) ar Ioncam & Caiteachas	(2,296,869)	629,145
Dímheas	22,431	10,786
Ús Bainc	(20,122)	(33,538)
Aistriú (ó)/chuig Cuntas Caipitil	(12,367)	16,519
Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe	(404,680)	(9,222)
Laghdú/(Méadú) i Réamhíocaíochtaí	(6,490)	23,794
Laghdú/(Méadú) i gCreidiúnaithe	182,110	(49,648)
Laghdú/(Méadú) i bhFabhrúithe	<u>234,202</u>	<u>(269,596)</u>
Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	<u>(2,301,785)</u>	<u>318,240</u>
Ráiteas Sreabhadh Airgid		
Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	(2,301,785)	318,240
Achuir ar Infheistíochtaí		
Ús Bainc	20,122	33,538
Caiteachas Caipitil		
Ceannach sócmhainní seasta	(10,064)	(27,305)
Maoniniú		
Méadú/(Laghdú) i gCuntas Bannaí Airgid & TPF	1,044,513	450,174
Bainistiú Acmhainní Leachtacha		
(Méadú)/Laghdú i gCistí ar Éarlais	<u>2,477,377</u>	<u>(435,585)</u>
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Airgid	<u>1,230,163</u>	<u>339,062</u>
Réiteach ar ghlan sreabhadh airgid chuig gluaiseachtaí i nglanchistí		
Méadú/(Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse	1,230,163	339,062
Airgead a úsáideadh chun acmhainní leachtacha a mhéadú	<u>(2,477,377)</u>	<u>435,585</u>
Athrú i nGlanchistí	<u>(1,247,214)</u>	<u>774,647</u>
Glanchistí Oscailte	<u>17,017,786</u>	<u>16,243,139</u>
Glanchistí Dúnta	<u>15,770,572</u>	<u>17,017,786</u>

Is cuid thábhachtach de na Ráitis Airgeadais seo é an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, Ráiteas Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 18.

Cathal Guiomard
Coimisinéir Gníomhach

Dáta

AGUISÍN I - PÁIPÉIR AN CHOIMISIÚIN/FÓGRAÍ ARNA N-EISIÚINT IN 2005.

Uimhir	Dáta Eisithe	Teideal
CP 01/2005	22 Márta 2005	Uasleibhéil Táillí Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta Réamh-Ghéilliúintas Bliantúil Ráiteas don Bhliain Rialála 26 Márta 2004 go dtí 25 Márta 2005 agus an Caidhp-Phraghas a Ríomh don Bhliain Rialála 26 Márta 2005 go dtí 25 Márta 2006
CP 02/2005	31 Bealtaine 2005	Uasleibhéil Táillí Aerfoirt Dréacht Chinneadh agus Meamram Mínitheach
CP 03/2005	29 Meán Fómhair 2005	Uasleibhéil Táillí Aerfoirt Cinneadh ar Uasleibhéil Táillí Aerfoirt agus Meamram Mínitheach
CN 01/2005	16 Márta 2005	Fógra maidir leis an tráthchlár molta chun cinneadh a dhéanamh ar an uasleibhéil táillí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
CN 02/2005	8 Aibreán 2005	Fógra maidir le cumhachtaí an Choimisiúin faoina rialacháin láimhseála ar an talamh maidir le cead siarghabhálach a fháil chun rochtain saor in aisce a fháil ar fheistis.
CN 03/2005	26 Aibreán 2005	Cinneadh chun Aerfort Bhaile Átha Cliath a ainmniú mar aerfort comhordaithe
CN 04/2005	4 Bealtaine 2005	Foilsíú na Dréacht Chinneadh curtha sia
CN 05/2005	4 Bealtaine 2005	Fógra maidir le ceanglais árachais nua i gcás aer-iompróirí
CN 06/2005	30 Meán Fómhair 2005	Fógra faoi Chinneadh agus Tuarascáil
CN 07/2005	28 Deireadh Fómhair	Fógra maidir le hiarratas ó/darás Aerfort Bhaile Átha Cliath le cead a fháil coigeartú bliantúil a dhéanamh do bhoilsciú i dtaca le táillí deasca cláraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath
CN 08/2005	24 Samhain 2005	Cinneadh ar an iarratas cead a fháil don iarratas ar choigeartú bliantúil a dhéanamh do Bhoilsciú maidir le táillí deasca cláraithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath